



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021  
(OR. en, de)

8228/21  
ADD 1

COMPET 294  
ENT 77  
ENV 265  
SAN 248  
CONSOM 101  
MI 291  
CHIMIE 52

#### **NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	ST 7043/21 + ADD 1 - D 071310.03
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid shárfhluaracarbocsaileacha ina bhfuil 9 go 14 adamh carbóin sa slabhra (PFCAanna C9-C14), a salainn agus substaintí PFCA C9-C14-ghaolmhara - Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha - Ráiteas ón nGearmáin

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine maidir le barúlacha teanga maidir leis an leagan Gearmáinise den dréacht-Rialachán thuas, agus leagan caoincheada Béarla leis.

**COREPER I an 12 Bealtaine 2021, Mír 14**

Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a mhéid a bhaineann le haigéid shárfhluaracarbocsaileacha ina bhfuil 9 go 14 adamh carbóin sa slabhra (PFCanna C9-C14), a salainn agus substaintí PFCA C9-C14-ghaolmhara

Ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine

Maidir leis an aistriúchán ón nGearmáinis:

Glacann an Ghearmáin leis go gceartófar an leagan Gearmáinise de na haithrisí mar a leanas:

In aithris 2, cuirtear ‘*Perfluornonan-1-säure*’ in ionad ‘*Perfluorononan-1-säure*’.

Sa chéad abairt d'aithris 4, déantar an nath ‘*Wirksamkeit für die Senkung dieser Risiken*’ a athrú go ‘*Wirksamkeit zur Senkung dieser Risiken*’.

In Airteagal 5, cuirtear an focal ‘*für*’ in ionad an fhocail ‘*auf*’.

Déanta an abairt dheireanach in aithris 7 a athrú go ‘*Für Enderzeugnisse, die aus diesen Materialien hergestellt werden, gilt jedoch weiterhin der allgemeine Grenzwert von 25 ppb*’.

Sa dara habairt in aithris 12 cuirtear ‘*durch die Stellungnahmen*’ in ionad ‘*durch Stellungnahmen*’.

Chomh maith leis sin, measann an Ghearmáin go ndéanfar an t-athrú seo a leanas ar an méid a chuirfeadh le hIarscríbhinn XVII:

Sa cholún ar clé, cuirtear an focal ‘*davon*’ isteach tar éis gach natha ‘*einschließlich ihrer Salze und etwaiger Kombinationen*’.

Sa cholún ar dheis faoi uimhir 1, cuirtear ‘*selbst*’ in ionad an natha ‘*als solche*’.

Faoi uimhir 2, cuirtear ‘*in Verkehr*’ in ionad an natha ‘*in den Verkehr*’.

Faoi uimhir 3, cuirtear *‘und C9-C14-PFCA-verwandter Stoffe’* in ionad an natha *‘und von C9-C14-PFCA-verwandten Stoffen’*.

Faoin dara pointe in uimhir 4, ii) cuirtear *‘industriellen Abwärmetauschern’* in ionad an natha *‘Wärmetauschanlagen für Industrieabfälle’*.

Faoi uimhir 7, déantar an focal *‘Druckgas-Dossieraerosolen’* a athrú go *‘Druckgas-Dosierinhalatoren’*.

Faoi uimhir 8, cuirtear na nathanna seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

*‘(a) Halbleiter an sich;*

*(b) Halbleiter, die in elektronische Halbfertig- und Fertiggeräte eingebaut sind.’*

---